# An Obair: Cluastuiscint (Iomarcaíocht)

*TEG B2: Aonad 5*

## A: RÉAMHOBAIR

An bhfuil bealach eile ann chun na frásaí nó focal seo a leanas a scríobh? Bain triail astu!

| | An frása sa script | Comhchiallach |
|---|---|---|
| 1. | Céad go leith | |
| 2. | Contae an Chláir | |
| 3. | Ar fud na tíre | |
| 4. | Ag scaoileadh le céad caoga oibrí | |
| 5. | Lonnaithe | |
| 6. | Anuraidh | |
| 7. | Aimsir na Nollag | |
| 8. | Tar éis na Nollag | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: CLUASTUISCINT

**Cloisfidh sibh mír nuachta anois. Líon na bearnaí atá sa script agus sibh ag éisteacht leis an mír nuachta.**

**Eimear Ní Chonaola**

Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist sa _____________ *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht _____________ FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

**Tomás Ó Mainnín**

_____________ ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimh lón inniu glaodh ar an _____________ chun cruinniú a bheith acu leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag _____________ le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

**Tomás:** *How many years have you been here?*

**Oibrí:** *24ish/25ish, so it is, it is one of the main employers here in Shannon, but there's nothing for sure anymore, is there?*

**Tomás Ó Mainnín**

Tá an comhlacht _____________ sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus crua-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil _____________ tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht anuraidh áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

**An comhairleoir Madeleine Taylor-Quinn – Méara Chontae an Chláir**

Bliain ó shin bhí tuairiscí mórthimpeall go raibh an áit seo i _____________ agus is mór an trua nach ndearna an *Department of Enterprise* agus *Employment* agus na h*agencies* eile aon rud chun é a _____________. Agus, is, tá sé an-tábhachtach anois go ngníomhóidh siad ionas nach dtarlódh a leithéid anseo nó in aon áit eile arís.

**Tomás Ó Mainnín**

Gan ach trí _____________ le dul go dtí aimsir na Nollag, dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le _____________oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht _____________ éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: MACHNAMH

**Seicliosta & Ceisteanna atá agam go fóill**

| San aonad seo, d’fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D: AN SCRIPT

Mír nuachta faoi chailliúint post i gcomhlacht sa tSionainn.

**Eimear Ní Chonaola**

Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist (*a bpostannaí* a deirtear) sa **gcomhlacht** *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht **árachais** FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

**Tomás Ó Mainnín**

**Oibrithe** ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimh (roimis a deirtear) lón inniu glaodh ar an **bhfoireann** chun cruinniú a bheith acu leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag **scaoileadh** le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

**Tomás:** *How many years have you been here?*

**Oibrí:** *24ish/25ish, so it is, it is one of the main employers here in Shannon, but there's nothing for sure anymore, is there?*

**Tomás Ó Mainnín**

Tá an comhlacht **lonnaithe** sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus crua-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil **titim** tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht **anuraidh** áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

**An comhairleoir Madeleine Taylor-Quinn – Méara Chontae an Chláir**

Bliain ó shin bhí tuairiscí mórthimpeall go raibh an áit seo i **dtrioblóid** agus is mór an trua nach ndearna (*rinne* a deirtear) an *Department of Enterprise* agus *Employment* agus na h*agencies* eile aon rud chun é a **stopadh**. Agus, is, tá sé ana-thábhachtach anois go ngníomhóidh siad ionas nach dtarlódh a leithéid anseo nó in aon áit eile arís.

**Tomás Ó Mainnín**

Gan ach trí **seachtaine** le dul go dtí aimsir na Nollag, dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le **céad caoga** oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht **iomarcaíocht** éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: RÉAMHOBAIR

| | An frása sa script | Comhchiallach |
|---|---|---|
| 1. | Céad go leith | 150 / céad is a caoga |
| 2. | Contae an Chláir | An Clár |
| 3. | Ar fud na tíre | Ó cheann ceann na tíre / fud fad na tíre / ar bhonn náisiúnta |
| 4. | Ag scaoileadh le céad caoga oibrí | Ag cur 150 oibrí chun bóthair |
| 5. | Lonnaithe | Suite |
| 6. | Anuraidh | An bhliain seo caite |
| 7. | Aimsir na Nollag | Tréimhse na Nollaig / um Nollaig |
| 8. | Tar éis na Nollag | Ina dhiaidh na Nollag |

## B: CLUASTUISCINT

Féach an script.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad